# Bileog 2.1 An tAinmfhocal *Bliain*

## Cuid A

***Éist leis na habairtí ar an téip agus lean an sampla chun an uimhir cheart a scríobh in aice le gach abairt.***

| | |
|---|---|
| Tá mé ocht mbliana d'aois. | 8 |
| Níl an leanbh ach bliain d'aois. | ________ |
| Tá Sinéad cúig bliana d'aois. | ________ |
| Tá Brian dhá bhliain d'aois. | ________ |
| Tá mise naoi mbliana d'aois. | ________ |
| Níl Pól ach ceithre bliana d'aois. | ________ |
| Tá mo dheirfiúr sé bliana d'aois. | ________ |
| Tá mo dheartháir trí bliana d'aois. | ________ |
| Tá Máire deich mbliana d'aois. | ________ |

## Cuid B

***Bí ag obair leis an duine in aice leat agus roghnaigh an fhoirm cheart den fhocal 'bliain' a théann leis na huimhreacha thíos:***

1: ______________________ 2: ______________________

3-6: ______________________ 7-10: ______________________

## Cuid C

***Ceangail na focail ar chlé leis na huimhreacha ar dheis. Ansin éist leis na focail ar an téip ar mhaithe le fuaimniú.***

| | |
|---|---|
| Daichead bliain | 60 |
| Fiche bliain | 40 |
| Ochtó bliain | 90 |
| Tríocha bliain | 100 |
| Sé bliana déag | 80 |
| Seasca bliain | 16 |
| Céad bliain | 30 |
| Seachtó bliain | 70 |
| Caoga bliain | 20 |
| Nócha bliain | 50 |

© OÉ Má Nuad

# Bileog 2.2 Cá fhad atá tú pósta?

**Cuid A**

***Léigh an píosa seo os ard leis an duine in aice leat agus pléigí brí an phíosa le chéile.***

## Cúlra na Beirte......



Tá sé mall san oíche anois agus tá Máire agus Jan ag caint le chéile go fóill. Tá Cormac imithe abhaile le fada. Tá siad beirt ag caint faoina gcúlra, agus tá suim mhór ag Máire i gcúlra Jan.

**Cuid B**

***Sula n-éisteann tú leis an chomhrá idir Máire agus Jan bí ag obair leis an duine in aice leat le brí na bhfocal agus na bhfrásaí thíos a aimsiú. Féach san fhoclóir mura bhfuil sibh cinnte.***

| | | | |
|---|---|---|---|
| Pósta | __________________ | Geallta | __________________ |
| Scartha | __________________ | Colscartha | __________________ |
| Cá fhad? | __________________ | Baintreach | __________________ |
| Baintreach fir | __________________ | Singil | __________________ |
| Fear céile | __________________ | Bean chéile | __________________ |

Ag siúl amach le chéile __________________

**Cuid C**

***Éist leis an téip anois agus líon na bearnaí sa chomhrá thíos. Tá na focail atá le líonadh sna bearnaí le fáil sa liosta thuas. Bí cúramach, tá focal amháin ann nach bhfuil sa liosta thuas!***

Jan: Cá bhfuil d'fhear céile, Cormac, imithe?
Máire: Ó, Cormac, tá sé imithe abhaile. Níl muid _____________.
Jan: Tuigim. Cá fhad atá sibh ______________________?
Máire: Trí bliana anois. Agus tú féin? An bhfuil tú féin pósta?
Jan: Em, níl, tá muid ______________.
Máire: Tá brón orm faoi sin. ______________atá sibh scartha?
Jan: Táimid scartha le bliain. Bhí muid pósta ar feadh deich ___________.

© OÉ Má Nuad

# Bileog 2.3 *Le* agus *ar feadh*

**Cuid A**

***Féach ar na habairtí thíos. Tá abairt amháin nach bhfuil cosúil leis na cinn eile. Cén ceann? Bí ag obair leis an duine in aice leat leis an abairt sin a roghnú agus pléigí na cúiseanna a bhfuil sí difriúil.***

- Bhí muid ag siúl amach le chéile ar feadh trí bliana.
- Bhí muid pósta ar feadh fiche bliain.
- Tá mé geallta anois le bliain.

***Cad is féidir libh a rá faoi***

a) **bhí** vs. **tá** agus

b) **le** vs. **ar feadh**? Cad é an ceangal idir a) agus b)?

**Cuid B**

***Bí ag obair leis an duine in aice leat agus roghnaígí an freagra ceart ar na ceisteanna thíos.***

| | |
|---|---|
| Cá fhad atá tú pósta? | ar feadh 3 bliana/le 3 bliana |
| Cá fhad a bhí tú scartha? | ar feadh 7 mbliana/le 7 mbliana |
| Cá fhad a bhí sibh ag siúl amach le chéile? | ar feadh 2 bhliain/le 2 bhliain |
| Cá fhad atá tú colscartha? | ar feadh 5 bliana/le 5 bliana |
| Cá fhad atá tú geallta? | ar feadh 4 bliana/le 4 bliana |
| Cá fhad a bhí sibh pósta? | ar feadh 20 bliain/le 20 bliain |

**Cuid C**

***Cuir na habairtí seo san Aimsir Chaite. Tá an chéad cheann déanta duit.***

Tá mé pósta le cúig bliana. Bhí mé pósta ar feadh cúig bliana

Tá mé scartha le sé bliana. ___________________________________

Tá mé singil le ocht mbliana. ___________________________________

Tá mé colscartha le sé bliana. ___________________________________

Tá mé pósta le tríocha bliain. ___________________________________

© OÉ Má Nuad

# Bileog 2.4 Agallamh na Seachtaine



**Cuid A**

***Beidh tú ag éisteacht le Sinéad ag cur agallaimh ar Pheadar Smyth faoina chúlra grá. Déan iarracht na ceisteanna seo thíos a fhreagairt tar éis éisteacht leis an téip.***

***Seo gluais bheag chun cabhrú leat:***

| | |
|---|---|
| Scéal casta | complicated story |
| Sílim | I think |
| Cúpla uair | a few times |
| Dhá uair | twice |

1. Cá fhad a bhí Peadar pósta leis an chéad bhean?

7 mbliana bliain 10 mbliana 5 bliana

2. Cá fhad a bhí sé pósta leis an dara bean?

9 mbliana 6 bliana 2 bhliain 10 mbliana

3. Cé as an bhean úr atá ag Peadar?

as Éirinn ón Fhrainc as Sasana ón Iodáil

4. Cá fhad atá sé ag siúl amach leis an bhean úr?

2 bhliain 8 mbliana 3 bliana 4 bliana

**Cuid B**

***Anois pléigh do chuid freagraí leis an duine in aice leat.***

© OÉ Má Nuad

# Bileog 2.5 Cúlra Pearsanta

## Cuid A

***Roghnaigh dhá phictiúr thíos. Bhí tú ag siúl amach le duine amháin agus tá tú pósta leis an duine eile anois. Líon isteach an t-eolas faoi na teidil thíos!***

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  |  |  |  |  |  |

| **Bhí mé ag siúl amach le . . .** | **Tá mé pósta . . .** |
|---|---|
| **Ainm:** ________________ | **Ainm:** ________________ |
| **Cé as:** ________________ | **Cé as:** ________________ |
| **Cá fhad a bhí sibh ag siúl amach le chéile:** ________________ | **Cá fhad atá sibh pósta:** ________________ |

## Cuid B

***Anois scríobh cuntas gairid faoi do chúlra pearsanta ag úsáid na bpictiúr agus an eolais thuas.***

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________

## Cuid C

***Cuir ceist ar an duine in aice leat faoina c(h)úlra pearsanta. Beidh sibh beirt ag caint faoin eolas a bhreac sibh síos faoi Chuid A agus faoi Chuid B. Bainigí úsáid as na ceisteanna seo le cuidiú libh:***

An bhfuil tú pósta?
Cá fhad atá tú pósta?
Cá fhad a bhí tú ag siúl amach leis an duine eile?

© ÓÉ Má Nua

# Bileog 2.6 Na huimhreacha Pearsanta

## Cuid A

***Cuir na huimhreacha pearsanta seo san ord ceart trí 1 – 10 a chur roimh gach ceann.***

ceathrar
duine amháin
seisear
beirt
ochtar
deichniúr
seachtar
triúr
cúigear
naonúr

## Cuid B

***Féach ar an liosta seo de bhaill éagsúla den teaghlach. An féidir leat na focail sa liosta a chur isteach sna colúin chuí sa bhosca thíos?***

mac, iníon, deartháir, deirfiúr, deirfiúracha, iníonacha, col ceathracha, uncail, aintín, nia, neacht, mic, athair mór, máthair mhór, col ceathrair, deartháireacha.

| **A – Cinnte**<br>(Tá tú cinnte cad is brí leo) | **B – Idir eatarthu**<br>(Is féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt faoin bhrí) | **C – Éiginnte**<br>(Níl a fhios agat cad is brí leo) |
|---|---|---|
| | | |

© OÉ Má Nuad

## Cuid C

***Féach san fhoclóir agus cuir na hainmfhocail seo san uimhir iolra.***

uncail ______________________
aintín ______________________
nia ______________________
neacht ______________________
athair mór ______________________
máthair mhór ______________________

# Bileog 2.7 Cé mhéad páiste atá agat?

## Cuid A

***Scríobh an leagan ceart de na focail idir lúibíní.***

1. Tá beirt (mac) agam.
   ____________________________________
2. Tá ceathrar (iníon) aige.
   ____________________________________
3. Tá naonúr (deartháir) ag Pól
   ____________________________________
4. Tá seisear (mac) agam.
   ____________________________________
5. Tá (deirfiúr) amháin acu.
   ____________________________________
6. Tá seachtar (mac) ag Síle.
   ____________________________________
7. Tá triúr (iníon) agam.
   ____________________________________
8. Tá (iníon) amháin agam.
   ____________________________________
9. Tá deichniúr (deartháir) agam.
   ____________________________________
10. Tá cúigear (deirfiúr) acu.
    ____________________________________

## Cuid B

***Éist leis an téip agus líon na bearnaí sa chomhrá thíos.***

Síle: Cé mhéad ________________ atá agat a Thomáis?
Tomás: Tá beirt ________________ agam agus ________________ amháin. Cé mhéad páiste atá agat féin?
Síle: Tá ________________ mac agus beirt ________________ agam.

© OÉ Má Nuad

# Bileog 2.8 Mo pháistí!

***Don mhúinteoir!***

| | | |
|---|---|---|
| Mac amháin  | Beirt mhac  | Beirt mhac  Iníon amháin |
| Mac amháin  Iníon amháin |   Triúr mac Iníon amháin | Beirt iníonacha Mac amháin  |
| Iníon amháin  | Beirt mhac  | Mac amháin  |
| Beirt mhac  Iníon amháin | Mac amháin  Iníon amháin | Beirt iníonacha Mac amháin  |

# Bileog 2.9 Cén aois atá siad?

**Cuid A**

***Sula n-éisteann tú leis an téip léigh an comhrá seo thíos idir Jan agus Máire – tá siad ag caint faoi pháistí. Cuir líne faoi na focail nach bhfuil sibh cinnte fúthu. Éist leis an téip nuair atá brí na bhfocal pléite agaibh.***

Máire: An bhfuil páistí agat?
Jan: Tá. Tá siad lena máthair.
Máire: Ó, an bhfuil? Cé mhéad páiste atá agat?
Jan: Tá triúr mac agam.
Máire: Tá sé sin go hálainn ar fad. Cén aois atá siad?
Jan: Tá Neils, an duine is sine, ocht mbliana d'aois. Tá Gunther sé bliana agus tá Hector, an duine is óige, trí bliana d'aois.

**Cuid B**

***Féach ar an dá phictiúr seo. Scríobh isteach aoiseanna agus ainmneacha na bpáistí sna boscaí. Bain úsáid as do shamhlaíocht!***





***Anois déan cur síos ar aois na bpáistí. Ná déan dearmad ar na frásaí 'is sine' agus 'is óige'! Féach ar Chuid A thuas chun cuidiú leat.***

**Cuid C**

***Cuir ceist ar an duine in aice leat cé mhéad páiste atá aige/aici agus cén aois atá siad. Beidh sibh beirt ag úsáid na bpictiúr thuas. Féach ar na ceisteanna seo le cuidiú libh.***

Cé mhéad páiste atá agat?
Cén aois atá siad?
Cén aois atá an duine is sine / óige?

© OEMá Nuad

# Bileog 2.10 Cé mhéad deirfiúr atá agat?

## Cuid A

***Éist le Máire ag insint do Jan faoina teaghlach agus líon an bosca leis an oiread eolais agus is féidir leat.***




| | Ainm | Aois | Eolas breise |
|---|---|---|---|
| **1** | | | |
| **2** | | | |
| **3** | | | |
| **4** | | | |
| **5** | | | |
| **6** | | | |
| **7** | | | |
| **8** | | | |

## Cuid B

***Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil an bhfuil an t-eolas céanna agaibh.***

© OÉ Má Nuad

## Bileog 2.11 An Aidiacht Shealbhach

**Cuid A**

***Cad a tharlaíonn don ainmfhocal i ndiaidh mo agus do? Pléigh na rialacha leis an duine in aice leat. Féach ar na samplaí seo:***

mo mháthair
do dheirfiúr
d’athair

***Cad a tharlaíonn do chonsan i ndiaidh mo agus do agus cad a tharlaíonn do ghuta i ndiaidh mo agus do?***

**Cuid B**

***Féach ar an sliocht seo thíos atá díreach cloiste agat faoi Mháire agus a teaghlach. Cuir an dá fhocal atá idir lúibíní le chéile agus déan cibé athrú is gá.***

**Máire agus a Teaghlach**

Sarah an t-ainm atá ar (mo + máthair mhór) __________________ agus John an t-ainm atá ar (mo + athair mór) __________________. Tá siad beirt ochtó bliain d’aois. Bhí iníon amháin acu, (mo + mháthair) __________________. Clíona an t-ainm atá uirthi. Is páiste aonair í. Níl deartháir nó deirfiúr ar bith aici, agus mar sin níl uncail nó aintín ar bith agamsa. Tá sí pósta le (mo + athair) __________________, Pól, le daichead bliain anuas. Tá (mo + máthair) __________________ seasca bliain d’aois agus tá (mo + athair) __________________ cúig bliana is seasca. Tá deirfiúr amháin agam, Áine. Tá sí tríocha. Is í an duine is sine. Ansin, tá mé féin ann. Tá mise ocht mbliana is fiche. Tá beirt deartháireacha agam. Tá (mo + deartháir) __________________ Colm sé bliana is fiche agus Cathal, an duine is óige, fiche bliain d’aois.

**Cuid C**

***Léigh an píosa thuas os ard arís leis an duine in aice leat le feiceáil an bhfuil na hathruithe céanna déanta agaibh.***

© OÉ Má Nuad

# Bileog 2.12 Cá bhfuil sé ina chónaí?

## Cuid A

***Cuir an deireadh ceart, ón bhosca ar dheis, leis na habairtí seo thíos.***

1. Tá mo dheartháir ____________________________
2. Tá Máire agus Cormac ____________________________
3. Tá mo mháthair mhór ____________________________
4. Tá Pól ____________________________
5. Tá do dheirfiúr ____________________________
6. Tá mo pháistí ____________________________
7. Tá m’athair ____________________________
8. Tá Síle agus Sinéad ____________________________

…ina chónaí

…ina cónaí

…ina gcónaí

## Cuid B

***An cuimhin leat cad a tharlaíonn d’fhocal nuair a thagann sé i ndiaidh i? Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuirigí an t-urú, ón chiorcal, roimh na litreacha seo.***

**i + B** = ____________
**i + C** = ____________
**i + D** = ____________
**i + F** = ____________
**i + G** = ____________
**i + P** = ____________
**i + T** = ____________
**i + A/E/I/O/U** = ____________

**m d n**
**in g**
**b bh**

## Cuid C

***Líon na bearnaí sa chleachtadh thíos agus scríobh an áit, ón bhosca, a bhfuil gach duine ina chónaí.***

| | | |
|---|---|---|
| Corcaigh | Baile Átha Cliath | Dún na nGall |
| Sasana | Gaillimh | Frankfurt |
| Páras | Ard Mhacha | |

1. Tá mo dheartháir *ina chónaí* ________________ i *nGaillimh*______________
2. Tá Máire agus Cormac ____________________________ i ________________________
3. Tá mo mháthair mhór ____________________________ i ________________________
4. Tá Pól ____________________________ i ________________________
5. Tá do dheirfiúr ____________________________ i ________________________
6. Tá mo pháistí ____________________________ i ________________________
7. Tá m’athair ____________________________ i ________________________
8. Tá Síle agus Sinéad ____________________________ i ________________________

OÉ Má Nua

# Bileog 2.13 Ag labhairt faoi do theaghlach féin!

**Cuid A**

***Féach ar an phictiúr seo thíos. Seo é do theaghlach. Scríobh isteach eolas fúthu faoi na teidil sa bhosca ar dheis. Bain úsáid as do shamhlaíocht!***



**Ainmneacha**

____________
____________
____________
____________
____________

**Aoiseanna**

____________
____________
____________
____________
____________

**Cá bhfuil siad ina gcónaí**

____________
____________
____________
____________
____________

**Cuid B**

***Siúil timpeall an ranga agus cuir ceist ar fhoghlaimeoirí eile sa rang faoina dteaghlaigh féin. Beidh na foghlaimeoirí eile ag cur ceiste ortsa chomh maith. Féach ar na ceisteanna thíos le cuidiú leat!***

- Cé mhéad deartháir/deirfiúr atá agat?
- Cén aois atá siad/sé/sí?
- Cá bhfuil sé ina chónaí?
- Cá bhfuil sí ina cónaí?
- Cá bhfuil siad ina gcónaí?

# Bileog 2.14 Cúlra an duine – Foghlaimeoir A

## Cuid A

***Is tusa Angelina Jolie. Is iriseoir an duine in aice leat agus beidh sé ag cur ceiste ort faoi do chúlra. Seo thíos do theaghlach agus do chlann. Glac cúpla bomaite ag réiteach don agallamh.***




## Cuid B

***Is tusa an t-iriseoir anois agus is é an duine in aice leat Tom Cruise. Beidh tú ag cur agallaimh air faoina theaghlach agus faoina chlann. Breac síos an t-eolas ar fad a fhaigheann tú.***

# Bileog 2.14 Cúlra an duine – Foghlaimeoir B

**Cuid A**

***Is iriseoir tusa agus is í an duine in aice leat Angelina Jolie. Beidh tú ag cur agallaimh uirthi faoina teaghlach agus faoina clann. Breac síos an t-eolas ar fad a fhaigheann tú.***

**Cuid B**

***Is tusa Tom Cruise anois agus is é an duine in aice leat an t-iriseoir. Beidh sé ag cur ceiste ort faoi do chúlra. Seo thíos do theaghlach agus do chlann. Glac cúpla bomaite ag réiteach don agallamh.***




OÉ Má Nuad

# Bileog 2.15 Rólghníomhaíocht

***Don mhúinteoir!***

**Ról A Niall**

**A: Cian, how are you?**
B: Great, thanks, and yourself?
**A: I'm good. This is my sister Síle. Have you met her?**
B: No. Nice to meet you. It's a bad day isn't it?
C: It's awful. Are you enjoying the party?
B: I am. The food is lovely.
**A: Where are you living now?**
B: London. Where do *you* live, Síle?
C: I live in Dublin with Niall.

**Ról B Cian**

A: Cian, how are you?
**B: Great, thanks, and yourself?**
A: I'm good. This is my sister Síle. Have you met her?
**B: No. Nice to meet you. It's a bad day isn't it?**
C: It's awful. Are you enjoying the party?
**B: I am. The food is lovely.**
A: Where are you living now?
**B: London. Where do *you* live, Síle?**
C: I live in Dublin with Niall.

**Ról C Síle**

A: Cian, how are you?
B: Great, thanks, and yourself?
A: I'm good. This is my sister Síle. Have you met her?
B: No. Nice to meet you. It's a bad day isn't it?
**C: It's awful. Are you enjoying the party?**
B: I am. The food is lovely.
A: Where are you living now?
B: London. Where do *you* live, Síle?
**C: I live in Dublin with Niall.**

© OÉ Má Nuad

# Bileog 2.16 Páistí agus An Ghaeilge

## Cuid A

***Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo thíos. Cad is brí leo?***



-Naíonra -Gaelscoil -Meánscoil -Bunscoil

***Cén aois a bhíonn na páistí a théann go dtí na hionaid thuas?***

## Cuid B

***Seo thíos liosta d'eagraíochtaí a bhaineann le Gaeilge agus oideachas. An bhfuil a fhios agat cad a dhéanann siad?***

Forbairt Naíonraí Teoranta
Comhluadar
Gaelscoileanna Teoranta
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta
CONCOS
Comhar na Múinteoirí Gaeilge

***Cuir an seoladh ríomhphoist ceart leis na heagraíochtaí thuas.***

www.cogg.ie www.gaelscoileanna.ie www.comhluadar.ie
www.naionrai.ie www.concos.ie www.comhar.ie

## Cuid C

***Siúil timpeall an ranga agus faigh amach an bhfuil páistí ag na daoine eile – cuir ceist cén aois atá na páistí agus cén cineál scoile a bhfuil siad inti.***

| | |
|---|---|
| An bhfuil páistí agat? | |
| Cén aois atá siad? | |
| Scoil? | |

© OÉ Má Nuad